C/2025/1153

17.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11819 – AUDI / QATAR HOLDING / SAUBER HOLDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1153)

1. An 7 Feabhra 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AUDI Aktiengesellschaft ('Audi', an Ghearmáin), atá faoi úinéireacht agus rialú iomlán Volkswagen Aktiengesellschaft ('VW Group', an Ghearmáin), agus

— Qatar Holding LLC ('QH', Catar), fochuideachta faoi lánúinéireacht Qatar Investment Authority ('QIA', Catar).

Gheobhaidh Audi agus QH rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Sauber Holding AG ('SHO', an Eilvéis).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Audi: dearadh, monarú, soláthar agus dáileadh gluaisteán agus páirteanna spártha le haghaidh gluaisteáin,

— QH: Is le QIA é QH. Is ciste infheistíochta Stáit é QIA. Déanann sé infheistíocht i raon leathan cineáil sócmhainní agus réigiúin ar fud an domhain chun punann infheistíochta dhomhanda agus éagsúlaithe a thógáil.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais SHO: Bainistíonn agus oibríonn SHO foireann rásaíochta Foirmle 1 Stake F1 Team Kick Sauber. Áirítear le príomhraon feidhme a ghníomhaíochta (i) dul in iomaíocht i gCraobhchomórtas an Domhain FIA Foirmle 1 (ar a dtugtar: F1 freisin) mar thógálaí agus mar fhorbróir ar ghluaisteáin rásaíochta F1, agus (ii) branda na foirne rásaíochta a chur chun cinn.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11819 – AUDI / QATAR HOLDING / SAUBER HOLDING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË